



Na Meáin Shóisialta

Teimpléad de pholasáí
& plean cumarsáide



Treoirlínte na Meáin Shóisialta

Dátheangachas: Beidh póstálacha de chuid Gaelscoil _____ i nGaeilge agus i mBéarla ar ár meáin shóisialta ar mhaithe le hinrochtaineacht a chinntiú do na geallsealbhóirí go léir.

Tuin: Is tuin leathfhoirmeálta a bheidh ag Gaelscoil _____ ar na meáin shóisialta mar gur uirlis chumarsáide oifigiúil don eagraíocht atá inti ach go gcaithfidh gach duine an t-eolas a thuiscint. Beidh an t-ábhar scríofa i nGaeilge & i mBéarla soiléir. Cuirfear gach iarracht isteach póstálacha Twitter a dhéanamh sothuigthe, in ainneoin an teorainn 140 carachtar.

Íomhánna / Físeán: Bainfear úsáid as íomhánna nó físeán más cuí mar go mbíonn rannpháirtíocht níos mó le póstálacha mar seo.

Cóipcheart & Ceisteanna Dlí: Má tá úsáid á baint as ábhar de chuid duine eile m.sh. grianghrafanna, tabharfaidh aitheantas don mhéid sin sna póstálacha & beidh cead faighte uathu an t-ábhar a úsáid. Ní bhainfear úsáid as na cóipchearta, trádmharcanna, cearta poiblíochta ná cearta daoine eile gan cead cuí a bheith faighte uathu siúd ar leo na cearta sin.

Polasaí na Meáin Shóisialta

Cuireann Gaelscoil _____ fáilte roimh theachtaireachtaí agus idirghníomhartha ar ár leathanaigh do na meáin shóisialta. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach:


- Bainfear aon bharúlacha / ábhar atá maslach nó neamhoiriúnach
- Déanfar gach iarracht póstálacha a dhéanamh i mBéarla agus i nGaeilge
- Beidh monatóireacht ar na leathanaigh ó 9rn-5in, Luan go hAoine
- Déanfar gach iarracht freagra a thabhairt ar theachtaireachtaí taobh istigh de 48 uair más féidir

Polasaí Barúlacha:

Baineann Gaelscoil _____ úsáid as na meáin shóisialta ar líne le heolas a roinnt, aiseolas a bhailiú agus comhrá a chruthú lenár bpobal. Cuirimid fáilte roimh smaointí agus tuairimí ach bainimid aon bharúil nó ábhar atá:

- Graosta nó ciníoch
- Teanga bagrach, maslaithe nó ionsaithe pearsanta
- Ráitis a d'fhéadfadh leabhal a bheith i gceist leo
- Ábhar bradaílthe; aon ábhar a sháraíonn aon dlí, cóipcheart san áireamh
- Eolas pearsanta atá príobháideach gan chead
- Eolas nó naisc nach mbaineann leis an ábhar cainte
- Cur chun cinn earraí/seirbhísí tráchtála nó turscar

Suíomh na Scoile	Facebook na Scoile	Instagram na Scoile	Twitter na Scoile

Ar Líne	Meáin thraidisiúnta	Bileoga & fógraí	Cruinnithe Poiblí	Eile
 Facebook Grúpaí Facebook do thuismitheoirí sa cheantar Instagram Twitter Suíomh na scoile	Nuachtáin áitiúla Raidió áitiúil Nuachtlitracha eaglaise Nuachtlitracha CLG	Fógra mór don cheantar / scoil Bileoga le scaipeadh go háitiúil	Lá oscailte Cruinniú do thuistí (Zoom nó eile)	Seol litreacha abhaile Cuairt ar naionraí / seirbhísí luathbhlianta TD / duine cáiliúil áitiúil
Eolas beacht & tábhachtach faoin scoil Fógraí leanúnacha (ar a laghad uair sa tschn) Físeáin YouTube (tuaras scoile / físeán bolscaireachta)	Eolas beacht & tábhachtach faoin scoil Cá háit le clárú / teacht ar níos mó eolais Cabhair ó thuismitheoirí sa cheantar	Cur i láthair ó phríomhoide / múinteoirí Eolas mar gheall ar an tumoideachas Teistiméireachtaí ó thuistí	Litir do thuismitheoirí sa scoil le páistí eile Bileoga a scaipeadh ar luathbhlianta sa cheantar / cuairt a lorg más féidir	

• **Ardáin Phoiblíochta** • **Ardán / cur chuige sonraithe** • **Gníomh le déanamh**

Ardáin na Scoile

Facebook: Cuir chuige molta:

- Bíodh leathanach gnó ag an scoil (seachas próifíl pearsanta)
- Ba chóir go mbeadh an leathanach poiblí
- Ríthábhachtach an leathanach Facebook a cheangail le cuntas Instagram na scoile (más ann dó). Béifear in ann postálacha a sceidealú don dá árdán seo trí [Meta Business Suite](#) ansin.
- Treoir: [Conas Facebook a cheangail le Instagram](#)

Twitter: Cuir chuige molta:

- Ba chóir go mbeadh an cuntas poiblí
- Is féidir postálacha a sceidealú trí [Tweeter Deck](#) (fad is go bhfuil tú logáilte isteach ar do chuntas)

Instagram: Féach Facebook thuas

Suíomh: Bí cinnte URL an tsuímh a chur ar gach ardán shóisialta thuas agus a mhalairt.

Moltaí:

- Déan cinnte go bhfuil íomhá próifíl céanna ag gach ardán agus go n-úsáidtear lógó na scoile ar gach leagan eolais (comhthathú agus leanúnachas)
- Déan cinnte go roinnefar an t-eolas céanna mar gheall ar chlárúchán (& eile) ar gach ardán thuas.

- Is fiú go mór gach árdán a úsáid más féidir – sroichtear luchtanna éagsúla ar ghach cheann acu.
- Aithin grúpaí éagsúla de thuismitheoirí sa cheantar ar na hardáin (Facebook ach go háirithe) – lorg ballraíocht de na grúpaí seo agus postáil an t-eolas mar gheall ar chlárúchán iontu, m.sh.
- Faraor, le freastal ar níos mó thuismitheoirí, is gá go mbeadh postálacha á dhéanamh go dátheangach
- Ó thaobh fógraí agus dearadh de – ba choir claí leis na nithe seo i gcónaí:
 - **Leanúnachas:** Úsáid lógó na scoile i gcónaí, dathanna na scoile, lógó AFP (san íomhá thíos)
 - **Gonta & soiléir** Ná cur ach na sonraí is tábhachtaí ar an bhfógra sa mhéid is lú focal
 - **Toisí le cur in oiriúint** Oireann toisí Instagram gach árdán (1080px X 1080px)
 - **Teanga** Dátheangach nó leagan Gaeilge & Béarla (is gá freastal ar thuismitheoirí gan Ghaeilge)
 - **Sonraí teagmhála** Tabhair seoladh don suíomh & ríomhphost le teach tar thuilleadh eolais

Cúnamh ó An Foras Pátrúnachta

- Cúnamh ó Bhainisteoir Cumarsáide, Jill Mc Mahon (jill@foras.ie)
- Dearadh ar fhógraí do na meáin shóisialta / bileoga le cló / fógra mór don cheantar
- Treoir le postálacha a sceidealú (ba chóir go mbeadh ábhar ag dul amach gach cúpla lá) **NÓ** fógraí urraithe a dhéanamh ar na meáin shóisialta (buiséad de dhíth anseo)
- Ionadaí AFP ag cruinnithe / lá oscailte*
- Súil a chaitheamh ar phostálacha le próifléitheoireacht a dhéanamh / cabhrú le foclaíocht

Féidearachtaí na scoile

- Dreamanna áitiúla a aithint (CLG, Eaglais, naíonraí, TD, srl.)
- Eolas faoin scoil (do bhileoga, srl.)
- Leathanach ar leith ar an suíomh leis an eolas cuí ar chlárúcháin /eolas do thuismitheoirí
- Tuismitheoirí a aithint le cabhrú le scaipeadh bileoga
- Litreacha a dhréachta
- Cur i láthair / cruinnithe a reáchtáil
- **Is féidir libh bhur rogha rud a chur leis seo chomh maith**

Moltaí:

- Bheadh sé iontach 3 mhórpoinnte faoin scoil a bhrú chun cinn. *M.sh. Oideachas trí mheáin na Gaeilge / Scoil Chaitliceach / Foirgneamh nua ar an mbealach!* – pé rud atá ábhartha do bhur scoil

Acmhainní & Moltaí eile *is féidir na rudaí seo a sceidealú do na hardáin shóisialta*

- Eolas mar gheall ar an tumoideachas: <https://gaeloideachas.ie/is-tuismitheoir-dalta-me/bunscoileanna/?lang=ga>
- Tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí (ach go háirithe ar bheagán Gaeilge):
 - <https://irishforparents.ie/parents/>
 - <https://youtube.com/playlist?list=PLXb682IIHqY9-LpmJDoV9pKf7NY58Ed-a>
- **Is féidir libh bhur rogha rud a chur leis seo chomh maith**

Canva: Cuntas Premium a fháil saor in aisce

Tá Canva thar a bheith áisiúil le rudaí tarraingteacha is snasta a dhearadh – is féidir rochtain a fháil ar Canva Pro (úsáid gan teorainn) **saor in aisce** agus an iarratas a dhéanamh mar charthanach/eagraíocht neamhbhrábúis/oideachasóirí: <https://www.canva.com/education/> Tógfaidh sé seo thart ar mí ar Canva teacht ar ais chugaibh ina dhiaidh iarratais ach is féidir mí Pro saor in aisce a fháil mar úsáideoirí nua idir an dá linn.

Lógó & Dathanna


Uaslódáil lógó na scoile (ar ardchaighdeán) chuig Canva. Tabharfaidh Canva cóid na ndathanna sa lógó duit. (Tiocfaigh tú ar na féidearachtaí seo ar thaobh clé sa chomhéadan eagarthóireachta)

m.sh.


1. Lógó An Fhorais




2. Uaslódáil anseo




3. Agus tú i mbun dearaidh, tiocfaidh dathanna aníos faoi “Photo Colours” ar chlé agus dath á roghnú agat



4. Roghnaigh dath agus brú ar chnaipe “+” le cóid don dath a fháil



Úsáid na cóid thuas sa bhosca Hex in aon chlár atá in úsáid le rudaí a dhearadh:





Smaointe chun do scoil a chur chun cinn

*** Bíodh cead faighte ó thuismitheoirí chun grianghraif páistí i a thógáil agus a scaipeadh.*

FB/Instagram/aip scoile

- Úsáid gléas scoile do na grianghraifeanna
- Postáil an-mhínic, laethúil más féidir - iarr ar ranganna éagsúla an t-ábhar a uaslódáil ar feadh lae/seachtaine chun obair a laghdú
- Bíonn físeáin ghearra/reels an-tarraingteach
- Fógraí maidir le gníomhaíochtaí scoile deartha ar Canva nó a leithéid, m.sh. tréimhse clárúcháin. Siúlóid na gCaillí, Aonach na Nollag, cuairt ar cheardlanna sa leabharlann, cuairteoirí scoile, &rl.
- Físeáin de na NB ag spailpeadh Gaeilge i rith na tréimhse clárúcháin
- Cuir AFP ar an eolas agus scaipfear an scéal

Suíomh idirlín scoile

- Eolas reatha faoin scoil
- Sonraí clárúcháin in áit fheiceálach
- Gailearaí le gaiscí na scoile
- Eolas faoi fheachtais scoile - nithe seach-churaclam ach go háirithe
- Turas fíorúil a thairfeadh agus a chur ar an suíomh scoile

Nuachtáin áitiúla

- Alt míosúil faoin scoil sa nuachtán áitiúil
- Cuireadh do na nuachtáin áitiúla teacht ar cuairt chun na scoile agus go leor grianghraifeanna a chur leis an alt
- Iarratais ar fhéilte áitiúla agus bolscaireacht faoi na hiontrálacha sna nuachtáin
- Nasc leis an eagarthóir - seol grianghraifeanna agus alt go minic agus cuirfear isteach iad mar nach mbíonn obair ann dóibh!

Poiblíocht eile

- Páirt a ghlacadh ar chlár ar TG4 nó mír a chur chuig News2Day (poiblíocht air ansin)
- Canadh carúil sa bhaile nó cuairt ar theach altranais
- “Random acts of kindness” sa cheantar - fág dearbhán le suaitheantas & sonraí na scoile do chupan caifé, do bhunnóg, &rl. le gnóanna áitiúla le feasacht ar an scoil a ardú
- Páirt a ghlacadh i bhféilte/mórshuíl áitiúil
- Dráma san fhéile scoil/drámaíochta
- Féilire scoile a dhearadh & a dhíol sna siopaí aitiúla
- Cártaí Nollag a dhearadh agus a dhíol



Smaointe chun do scoil a chur chun cinn

- Margadh Nollag a eagrú sa scoil (foinse mhaith don ardú airgid má ghearrtar táille ar na seastáin le háit a chur in áirithe)
- Ceolchoirm na Nollag/Seó an tSamhraidh san amharclann áitiúil
- Scaoil seomraí breise sa scoil amach ar cíos d'eagrais áitiúla - feicfear an scoil i rith na bliana

Gníomhaíochtaí scoile le poiblíocht a dhéanamh orthu

- Gníomhaíocht idir-scoile le cúpla Gaelscoil eile
- Lá spóirt
- Lá ceoil
- Lá ilchreidmheach
- Lá ilchultúrtha
- Lá eolaíochta
- Ceiliúradh ar SNAG (seo an ghné uathúil faoi scoileanna lán-Ghaeilge)
- Páirt a ghlacadh i gcomórtais naistiúnta, m.sh. Bleaist Eolaíochta
- Feachtais náisiúnta - Scoil Ghlas, Brat Gníomhach, Gaelbhratach, Brat Oráiste, The Crocus Project, World Aid Awards, &rl.
- Cuairteoirí a thagann chuig an scoil
- Turais ranga áitiúla - leabharlann, iarsmalann, trá
- Comhoibriú le grúpaí áitiúla - cuairt ó Gharda/inneall dóiteáin, cadhacadóireacht ar an abhainn, teagascóirí ón CLG/gCumann Rugbaí, Cumann na mBunscol, Men's Shed, Sports Partnerships, &rl.

Acmhainní le n-eagrú chun páistí a mhealladh

- **Bus scoile** - tá gach páiste atá 3.2km nó níos mó ón Ghaelscoil is gaire i dteideal bus nó deontas taistil
- Déan nasc leis an an **Naíonra áitiúil**- tabhair cuireadh dóibh cuairt a thabhairt ar an scoil
- Ranganna iar-scoile- eagraigh iad
- Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí- déan poiblíocht futhu.
- Maidin caifé rialta do thuismitheoirí na scoile
- Cuireadh rialta do thuismitheoirí chun amhrán / taispeántais etc. a fheiceáil / a chloistail
- Ionad cúraim a lonnú ar shuíomh na scoile más ann do sheomraí breise (National Childcare Scheme)
- Eagraigh oícheanta ciorcal comhrá- tráth na gceist etc.

Poiblíocht don chlárúchán

- Bileoga eolais do na tithe sa cheantar ag tús na tréimhse clárúcháin
- Seastán san ionad siopadóireachta roimh an tréimhse clárúcháin
- Oíche eolais nó lá oscailte sa scoil (páistí ó Rang 6 mar threoraithe)



Smaointe chun do scoil a chur chun cinn

- Tráthnóna oscailte do na naíscoileanna aitiúla (fág bronntanas le suaitheantas na scoile leis na páistí ar nós mála milseáin/líreacán/peann luaidhe le lipéad air)
- Fógra sna nuachtáin áitiúil (ní bhíonn costas ar fhógra a chur sna nótaí áitiúla)
- Fógra le nótaí an pharóiste
- Póstaeir ar fud an cheantair - siopaí, oifigí dochtúra/fiaclóra, ionad cúraim, ionaid clainne, meánscoileanna (seomraí foirne ach go háirithe), oifig Thusla, &rl.

Oíche oscailte do thuismitheoirí

- Cur i láthair faoin scoil & an próiseas clárúcháin reatha
- Bileog tinrimh le sonraí teagmhála a bhailiú
- Turas timpeall na scoile
- Ceol/dráma
- Pacáiste réidh do thuismitheoirí le:
 - Leabhrán eolais
 - Bileoga phoiblíochta
 - Bileoga faoin nGaeloideachas
 - Bileoga faoin Ilchreidmheachas (má oireann)
 - Foirm iarratais don scoil
 - Achoimre ar an bpróiseas clárúcháin (le dátaí sonraithe)
 - Clúdach litreach le seoladh na scoile

Gníomhartha tacaíochta

- An Foras Pátrúnachta
- Gaeloideachas: faigh cóipeanna d'fhoilseacháin le scaipeadh ar thuismitheoirí
- Glór na nGael
- NPC Primary
- Leabharlanna áitiúla - ceardlanna as Gaeilge, ciorcail chomhrá
- Conradh na Gaeilge
- Ógras
- Cumann na bhFiann (clubanna óige)
- Gaelcholáistí sa cheantar
- Coiste Gaeilge sa cheantas, m.sh. Cill Dara le Gaeilge, Glór Cheatharlach

Naíonra agus cúram iar-scoile

Oscail Naíonra/cúram iar-scoile sa scoil má tá seomra breise inti <https://www.ncs.gov.ie/en/>

1. Cláraíonn scoil agus bíonn orthu ansin bainisteoir agus cúntóir a fhostú don scéim.
2. Deontas ón NCS €500 do sheomra amháin (suas go 12 páiste) gach mí
3. Íocann thuismitheoirí thart ar €6 in aghaidh na huairé don chúram réamh- agus iar-scoile



Smaointe chun do scoil a chur chun cinn

4. Cláraíonn tuismitheoirí leis an NCS agus faigheann siad deontas chun cabhrú leis na costais a chlúdach - rátaí éagsúla ag brath ar thurastal
5. Faigheann an scoile/grúpa eagrúcháin an méid iomlan (mar shampla €6 in aghaidh na huaire) ach cuid ó thuismitheoirí agus cuid ón NCS anuas ar an íocaíocht míosúil
6. Clúdaíonn na taillí costais na bhfostaithe go hiondúil
7. Má chuirtear béile ar fáil, íoctar as sin sa bhreis ar an méid thuas.

Plean Margaíochta Bliana

Meán Fómhair

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Eagraigh dáta don Cruinniú Cinn Bliana do thuismitheoirí na scoile
- Alt sa nuachtán aitiúil

Deireadh Fómhair

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Teagmháil leis na Naíonraí áitiúla agus fág eolas faoin scoil leo.
- Tabhair cuireadh do thuismitheoirí na Naíonraí / playschools / Creche áitiúla teacht chuig lá oscailte/maidin caifé. Bí cinnte go bhfeiceann siad ard-chaigedeán ealaíne ar na ballaí agus go bhfuil an scoil ag breathnú eagraithe agus failtiúil. Bíodh leabhrán eolais réidh le dáileadh.

Samhain

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Alt sa nuachtán aitiúil le grianghraif de oíche Shamhna
- Teagmháil leis na Naíonraí áitiúla faoi chlárúcháin

Nollaig

- Ceolchoirm na Nollag- cuireadh do thuismitheoirí
- Seastán san ionad siopadóireachta áitiúil-Cartaí Nollag ar díol a rinne na páistí agus eolas faoi chlárúcháin
- Aonach/Crannchur na Nollag / Daidí na Nollag ar cuairt

Eanáir

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Alt sa nuachtán aitiúil- grianghraif de cheiliúradh na Nollag sa scoil
- Lá ilchreidmheach / ilchultúrtha sa scoil



Smaointe chun do scoil a chur chun cinn

Feabhra

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Oíche shóisialta do thuismitheoirí
- Ceiliúradh lá fhéile Vailintín agus Lá fhéile Bríde

Márta

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Tráth na gCeist do thuismitheoirí ag ceiliúradh SNAG/ eagraigh Gaeilge 24 etc.
- Ceiliúrach SNAG- cuireadh do thuismitheoirí chun amhrán/rainn Gaeilge a chlosteáil

Aibreáin

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile
- Alt sa nuachtán aitiúil- grianghraif de cheiliúradh SNAG
- Lá Ceoil sa scoil

Bealtaine

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile- Féilire na céad scoilbhliana eile.
- Teagmháil leis na Naíonraí áitiúlaí faoi phaistí ata cláraithe le teacht i MF.
- Lá Eolaíochta sa scoil

Meitheamh

- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí na scoile- liostaí leabhar na céad scoil bhliana eile.
- Alt sa nuachtán aitiúil ag cuimsiú gach a tharla i rith na bliana
- Lá Spóirt

Na Meáin Shóisialta

Teimpléad de pholasáí
& plean cumarsáide



**AN FORAS
PÁTRÚNACHTA**